Manus Lunny Music Residency - Notes for the songs

1. Lá Breá Te sa tSamhradh
Chum Seán Bán Mac Grianna (John Bán Fheilimí, 1905-1979) as Rann na Feirste an t-amhrán seo. Amhrán grá ina mbíonn an file ag meabhrú ar laetha a óige agus ar ainnir dheas a casadh dó Lá Breá Te sa tSamhradh. Ach níor éirigh leis an údar caidreamh a dhéanamh léi agus d'éalaigh sí uaidh san oíche.

2. Ar Maidin Dé Máirt
Amhrán grá eile atá i gceist leis an amhrán seo agus tá téamaí an ghrá le sonrú i bhfocla an amhráin, go háirid briseadh cleamhnais agus briseadh croí. Insíonn an
t-amhrán an scéal faoi fhear atá ag fanacht lena ghrá geal ar lá a bpósta ach ligeann sí síos é mar nach dtig sí lena phósadh. Cuireann seisean an locht ar chúlchaint daoine a chuir ó phósadh iad.

3. Méilte Cheann Dubhrann
Chum Séamus Ó Grianna (Jimí Fheilimí, 1889-1969), an scríbhneoir cáiliúil as Rann na Feirste, an t-amhrán seo agus ba é a dheartháir, Hiúdaí Fheilimí, a chan é an chéaduair in 1925. Chan sé Méilte Cheann Dubhrann ag cóisir i dteach na comharsan, Aodh John Mac Gairbheith, do mhac Aoidh, Johnny Mór, a bhí ag imeacht go Meiriceá an mhaidin dár gcionn. Bhí sé leathchéad bliain sular phill sé ar Rann na Feirste.

4. Mheall Sí Lena Glórthaí Mé
Seán Bán Mac Grianna as Rann na Feirste a chum an t-amhrán seo fá chailín as Gaoth Dobhair a raibh sé i ngrá léi. Bhí sise i ngrá leisean fosta ach. níor phós ceachtar den bheirt ariamh. Fuair seisean bás roimpi agus bhí sise ar a thórramh.

5. An Chéad Mháirt d'Fhómhar
Amhrán brónach a chum Séamus Ó Domhnaill, duine de na 'Filí gan Iomrá', nuair a báitheadh a mhac, Pádraig, le linn dó a bheith ar a bhealach i gcurach trasna an ghaoith idir an Bun Beag agus Rann na Feirste sa bhliain 1811. Maíonn scríbhneoirí áirithe go bhfuil Pádraig adhlactha i Machaire Gathlán siocair gurbh as Gaoth Dobhair Gráinne, bean Shéamuis, agus go raibh sise ag iarraidh a mac a bheith adhlactha i Machaire Gathlán. Bhí a athair i bhfách lena mhac a bheith i reilig na Cruite in éineacht le Dálaigh Rann na Feirste uilig. D'éirigh achrann eatarthu. Fágadh an cinneadh ag Niall, an mac ab óige, agus roghnaigh seisean reilig na Cruite.

6. An Seanduine Dóite
Tá leaganacha éagsúla den amhrán bhríomhar seo le fáil ar fud na tíre. Cailín óg pósta ar sheanduine, ach nuair a bhíonn seisean ina chodladh, bíonn sise ag spraoi le fir óga! Téama atá coitianta go leor i gcuid mhór de na hamhráin ghrá go moltar don chailín óg gan an seanduine a phósadh ar mhaithe le maoin shaolta. Tá leagan an amhráin atá ar fáil ar an dlúthdhiosca seo iontach comhaimseartha mar atá an téama féin.

7. Úirchill an Chreagáin
Ceann de na hamhráin is binne agus is breátha dá bhfuil le fáil; is aisling thírghrách é seo a chum Art Mac Cumhaigh (1715-1773), an file ba mhó cliú d'fhilí Oirialla i nDeisceart Ard Mhacha. Tá an dán i bhfoirm agallaimh idir an file agus sióg; eisean ag caoineadh chliseadh na nGael agus ansmacht na nGall, ise ag iarraidh é a mhealladh chuig Tír na Meala. Géilleann sé di sa deireadh ar choinníoll gur lena mhuintir féin i reilig an Chreagáin a d'adhlacfaí é, níor mhiste cá háit a bhfaigheadh sé bás.

8. Má théid tú chun Aonaigh
Amhrán a bhí iontach coitianta i Rann na Feirste uair den tsaol agus leis an leagan úr seo ar an dlúthdhiosca, beidh daoine in ann éisteacht a thabhairt don amhrán arís. Ba ghnách le measarthacht daoine ar an bhaile an t-amhrán a cheol agus ina measc an bheirt dearthár eacha Aodh agus Seán Ó Duibheannaigh mar aon leis an fhile Seán Bán Mac Grianna agus a nia, Feidhlimidh Dubh Ó Baoighill. Rinneadh taifid éagsúla de na leaganacha seo thar na blianta.

9. Mo Sheanchara Dhílis
Is í Gearóidín Breathnach, an t-amhránaí iomráiteach as Rann na Feirste agus buaiteoir Chorn Uí Riada, a chum agus a chanann an t-amhrán brónach seo i gcuimhne a hathara, Neidí Frainc Mac Grianna. Bhain an t-amhrán seo Comórtas na nAmhrán Nua-chumtha san Oireachtas in 1982.

10. Caidé Sin Don Té Sin?
Seanamhrán traidisiúnta a raibh agus a bhfuil cuid mhór dúil ann agus a fhianaise seo ar na leaganacha éagsúla